



Suí iomlánach

A9-0300/2023

26.10.2023

*****I**

TUARASCÁIL

ar an togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le struchtúir scaireanna ilvótaí i gcuideachtaí a fhéachann lena scaireanna a ligean isteach chun a dtrádála ar mhargadh fáis FBM (COM(2022)0761 – C9-0416/2022 – 2022/0406(COD))

An Coiste um Ghnóthaí Eacnamaíochta agus Airgeadaíochta

Rapóirtéir: Alfred Sant

Rapóirtéir don tuairim ó choiste comhlachaithe de bhun Riail 57 de na Rialacha Nós Imeachta:
René Repasi, An Coiste um Ghnóthaí Dlíthiúla

Eochair do na siombailí a úsáidtear

- * An nós imeachta comhairliúcháin
- *** Nós imeachta an toilithe
- ***I An gnáthnós imeachta reachtach (an chéad léamh)
- ***II An gnáthnós imeachta reachtach (an dara léamh)
- ***III An gnáthnós imeachta reachtach (an tríú léamh)

(Braitheann an cineál nós imeachta ar an mbunús dlí a mholtar sa dréachtghníomh.)

Leasuithe ar dhréachtghníomh

Leasuithe ó Pharlaimint na hEorpa arna leagan amach in dhá cholún

Léirítear téacs atá scriosta le **cló trom iodálach** sa cholún ar chlé. Léirítear téacs atá curtha in ionad téacs eile le **cló trom iodálach** sa dá cholún. Léirítear téacs nua le **cló trom iodálach** sa cholún ar dheis.

Sa chéad líne agus sa dara líne den cheanntásc a ghabhann le gach leasú, sonraítear an chuid ábhartha den dréachtghníomh atá á breithniú. Má bhaineann leasú le gníomh atá cheana ann a bhfuil sé i gceist é a leasú leis an dréachtghníomh, bíonn an tríú líne i gceanntásc an leasaithe ina sonraítear an gníomh atá cheana ann agus bíonn an ceathrú líne ann ina sonraítear an fhoráil den ghníomh sin is mian le Parlaimint na hEorpa a leasú.

Leasuithe ó Pharlaimint na hEorpa i bhfoirm téacs comhdhlúite

Aibhsítear téacs nua le **cló trom iodálach**. Léirítear téacs atá scriosta trí leas a bhaint as an tsiombail **I** nó cuirtear líne tríd an téacs. Léirítear téacs atá curtha in ionad téacs eile tríd an téacs nua a aibhsíú le **cló trom iodálach** agus tríd an téacs atá á ionadú a scriosadh nó trí líne a chur tríd. Mar eisceacht air sin, ní aibhsítear athruithe atá go hiomlán teicniúil agus arb athruithe iad a rinne na ranna dréachtaithe nuair a bhí an téacs críochnaitheach á ullmhú.

CLÁR

Leathanach

DRÉACHTRÚN REACTACH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA	5
OPINION OF THE COISTE UM GHNÓTHAÍ DLÍTHIÚLA	16
AN NÓS IMEACHTA - COISTE FREAGRACH.....	39
VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAO ROLLA SA CHOISTE FREAGRACH.....	40

DRÉACHTRÚN REACTACH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA

ar an togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le struchtúir scaireanna ilvótaí i gcuideachtaí a fhéachann lena scaireanna a ligean isteach chun a dtrádála ar mhargadh fáis FBM
(COM(2022)0761 – C9-0416/2022 – 2022/0406(COD))

(An gnáthnós imeachta reachtach: an chéad léamh)

Tá Parlaimint na hEorpa,

- ag féachaint don togra ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle (COM(2022)0761),
 - ag féachaint d’Airteagal 294(2) agus Airteagal 50(1), Airteagal 50(2), pointe (g), agus Airteagal 114 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, ar dá mbun a thíolaic an Coimisiún an togra do Pharlaimint na hEorpa (C9-0416/2022),
 - ag féachaint d’Airteagal 294(3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,
 - ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa an 23 Márta 2023¹,
 - ag féachaint do Riail 59 dá Rialacha Nós Imeachta,
 - ag féachaint don tuairim ón gCoiste um Ghnóthaí Dílíthiúla,
 - ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Ghnóthaí Eacnamaíochta agus Airgeadaíochta (A9-0300/2023),
1. Ag glacadh a seasaimh ar an gcéad léamh mar a leagtar amach ina dhiaidh seo é;
 2. Á iarraidh ar an gCoimisiún an t-ábhar a tharchur chuig Parlaimint na hEorpa arís má dhéanann sé téacs eile a chur in ionad a thogra, má dhéanann sé a thogra a leasú go substaintiúil nó má tá sé ar intinn aige a thogra a leasú go substaintiúil;
 3. Á threorú dá hUachtarán a seasamh a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig na parlaimintí náisiúnta.

¹ IO C 184, 25.5.2023, lch. 103.

LEASUITHE Ó PHARLAIMINT NA hEORPA*

ar an togra ón gCoimisiún

2022/0406 (COD)

Togra le haghaidh

TREOIR Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

maidir le struchtúir scaireanna ilvótaí i gcuideachtaí a fhéachann lena scaireanna a ligean isteach chun a dtrádála ar mhargadh fáis FBM

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 50(1) agus Airteagal 50(2), pointe (g) agus Airteagal 114 de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach, De bharr an mhéid seo a leanas:

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na Parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa²,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Chun tarraingteacht *aontas* na margaí *caipitil* a threisiú agus chun éagothromais a laghdú do chuideachtaí atá ag iarraidh ligean isteach chun a dtrádála sa mhargadh aonair, is gá aghaidh a thabhairt ar bhacainní ar rochtain ar na margaí sin a eascraíonn as bacainní rialála. Ba cheart do chuideachtaí a bheith in ann, *faoi réir coimircí arna mbunú faoi dhlí an Aontais agus faoin dlí náisiúnta*, struchtúir rialachais a roghnú a oireann don chéim forbartha is fearr acu, lena n-áirítear trína chur ar chumas scairshealbhóirí rialaithe na gcuideachtaí sin rialú a choinneáil ar an ngnó tar éis dóibh rochtain a fháil ar *mhargaí rialáilte*, ar mhargaí fáis FBManna, *nó ar aon saoráidí trádála iltaobhacha eile (MTF)*, agus tairbhe á baint acu ag an am céanna as na tairbhí a bhaineann le trádáil ar na margaí sin, *fad a dhéantar cearta scairshealbhóirí mionlaigh a choimirciú go leanúnach*.
- (2) *Is ionann an eagla go gcaillfead smacht ar chuideachta agus bac ar scairshealbhóirí trádáil a dhéanamh ar mhargaí poiblí*. Is gnách go mbíonn caolú úinéireachta i gceist

* Leasuithe: léirítear téacs nua nó leasaithe le *cló trom iodúlach*; léirítear téacs atá scriosta trí leas a bhaint as an tsiombail **I**.

² IO C [...], [...], lch. [...]

le ligean isteach chun trádála do scairshealbhóirí rialaithe, rud a laghdaíonn a dtionchar ar chinntí tábhachtacha infheistíochta, *straitéiseacha* agus oibriúcháin sa chuideachta. D'fhéadfadh sé go háirithe go mbeadh sé tábhachtach rialú na cuideachta a choinneáil i gcás gnólachtaí nuathionscanta agus cuideachtaí a bhfuil tionscadail fhadtéarmacha acu a dteastaíonn costais shuntasacha orthu roimh ré, toisc go mb'fhéidir gur mhaith leo a bhfís a shaothrú gan a bheith ró-nochtaithe do luaineachtaí sa mhargadh. ***D'fhéadfadh sé nach ndéanadh scairshealbhóirí in FBManna agus i gcuideachtaí faoi úinéireacht teaghlaigh liostú a lorg mar gheall ar an eagla go gcaillfidís smacht ar an gcuideachta.***

- (3) Is sásra éifeachtach iad struchtúir scaireanna ilvótaí chun cur ar chumas scairshealbhóirí a rialú cumhacht cinnteoireachta a choinneáil i gcuideachta, agus cistí a bhailiú ón bpobal ag an am céanna. Is éard atá i struchtúir scaireanna ilvótaí ná cineál sásra feabhsaithe rialaithe lena ngabhann ar a laghad dhá aicme scaireanna ar leithligh le líon éagsúil ceart vótála. Faoi na struchtúir sin, is ísle ***líon na vótaí atá ag gabháil le gach scair*** atá ag ceann amháin ar a laghad de na haicmí scaireanna ná mar atá ag aicme (nó aicmí) eile scaireanna le cearta vótála. Is scair ilvótaí í an scair ag a bhfuil an líon is mó vótaí.
- (4) Tá sásraí feabhsaithe rialaithe eile ann lena gceadaítear cumhacht vótála a ghíaráil, seachas struchtúir scaireanna ilvótaí. Féadfar a áireamh ar na sásraí sin scaireanna neamhvótála, scaireanna tosaíochta gan vóta agus uasteorainneacha ar chearta vótála. Mar sin féin, d'fhéadfadh na sásraí malartacha feabhsaithe rialaithe sin, agus iad níos righne ina mbunú, srian a chur ar an méid caipitil is féidir le cuideachta a chruinniú ag an bpointe iontrála chun trádála .
- (5) Tugann scaireanna dílseachta, amhail scaireanna ilvótaí, cearta vótála níos airde do scairshealbhóir. Féadfaidh scairshealbhóir cearta vótála breise a ghabhann le scaireanna dílseachta a fháil, agus an scair á sealbhú aige ar feadh an ama ainmnithe agus coinníollacha áirithe a chomhlíonadh. Is sásra rialaithe feabhsaithe iad scaireanna dílseachta atá deartha agus úinéireacht níos cobhsaí, níos fadtéarmaí i measc infheisteoirí a bheith mar thoradh orthu seachas chun cur le tarraingteacht cistí a chruinniú ón bpobal. Níl sé iomchuí, dá bhrí sin, go n-áireofaí scaireanna dílseachta i raon feidhme na Treorach seo.
- (6) Tá difríochtaí suntasacha idir na forálacha náisiúnta maidir le scaireanna ilvótaí ar fud na mBallstát. Ceadáíonn roinnt Ballstát struchtúir scaireanna ilvótaí, agus cuireann roinnt eile cosc orthu. I roinnt Ballstát, tá an cosc ar scaireanna ilvótaí teoranta do chuideachtaí poiblí, agus i roinnt Ballstáit eile tá feidhm aige maidir le gach cuideachta. Cruthaíonn na difríochtaí sna córais náisiúnta bacainní ar shaorghluaiseacht caipitil laistigh den mhargadh inmheánach. Thairis sin, cruthaíonn an ilroinnt rialála machaire aimhréidh do chuideachtaí i mBallstáit éagsúla. Ní mór do chuideachtaí i mBallstát a chuireann cosc ar struchtúir scaireanna ilvótaí a aistriú go Ballstát eile nó go fiú lasmuigh den Aontas má tá cead isteach chun a dtrádála le scaireanna ilvótaí á lorg acu, agus, dá bhrí sin, má tá costais níos airde i gceist. I gcásanna áirithe, mar gheall ar na costais níos airde sin, féadfaidh cuideachtaí cinneadh a dhéanamh i gcoinne cistí a chruinniú ón bpobal, rud a d'fhéadfadh teorainn a chur lena ndeiseanna maoinithe. Tá na breithnithe sin ábhartha go háirithe do FBManna agus do ghnólachtaí nuathionscanta nach bhfuil acmhainní airgeadais acu chun na costais sin a chumhdach.
- (7) Ba cheart do na Ballstáit an deis a thabhairt do chuideachtaí struchtúir scaireanna ilvótaí a ghlacadh ionas go mbeidh siad in ann ligean isteach chun a dtrádála ar mhargadh

rialáilte, *ar mhargadh fáis FBM, nó ar aon MTF eile*, a lorg gan iallach a bheith ar a scairshealbhóirí urlámhais rialú a scaradh. Cé go bhfuil cead isteach chun trádála ar mhargaí rialáilte, *ar an iomlán*, níos oiriúnaí go ginearálta do chuideachtaí níos mó agus níos aibí, is iondúil go mbíonn margaí fáis FBManna níos oiriúnaí do FBManna. Ceapadh margaí fáis FBManna ar dtús mar ionaid trádála tiomanta do FBManna le cóir rialála a chuireann sainiúlachtaí FBManna san áireamh. Ní FBManna iad gach cuideachta a bhfuil urrúis acu atá liostaithe ar mhargaí fáis FBManna, áfach. Ceanglaítear le Treoir 2014/65/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle³ gurb ionann FBManna agus 50 % ar a laghad d'eisitheoirí ionstraimí airgeadais a ligtear isteach chun a dtrádála ar mhargaí fáis FBManna. De ghnáth bíonn urrúis níos leachtaí ag cuideachtaí seachas FBManna agus dá bhrí sin tugann a gcuimsiú deis do mhargaí fáis FBM táillí trádála níos airde a ghiniúint chun brabúsacht a samhla gnó a choinneáil. Mar sin féin, chun soiléire a áirithiú d'infheisteoirí, tá gach eisitheoir ar mhargaí fáis na FBManna, beag beann ar a méid, faoi réir na rialacha céanna faoi láthair. ■

- (8) Ba cheart na Ballstáit a bheith in ann forálacha náisiúnta a thabhairt isteach nó a choinneáil i bhfeidhm, ar forálacha iad lena gceadaítear do chuideachtaí na struchtúir sin a ghlacadh chun críocha eile seachas scaireanna ar *mhargadh rialáilte, ar mhargadh fáis FBManna nó ar aon MTF eile*. Féadfar a áireamh leis sin freisin cásanna ina n-aistríonn cuideachtaí ó mhargadh fáis FBM chuig margadh rialáilte, agus scaireanna ilvótaí á gcoinneáil ag an am céanna.
- (9) ■ Níor cheart do na Ballstáit cosc a chur ar chuideachtaí struchtúir scaireanna ilvótaí a ghlacadh ag pointe roimh an tráth a ligtear scaireanna isteach chun a dtrádála. Ba cheart cead a bheith ag na Ballstáit, áfach, a leagan síos go bhfuil feidhmiú na gceart vótála feabhsaithe, arb ionann iad agus cearta vótála breise a ghabhann le scaireanna ilvótaí i gcomparáid le cearta vótála scaireanna aicmí eile, coinníollach ar scaireanna a ligean isteach chun a dtrádála ar mhargadh rialáilte nó ar *mhargadh rialáilte, ar mhargadh fáis FBManna nó ar aon MTF eile*. Sa chás sin agus go dtí go ligfead scaireanna ilvótaí isteach chun a dtrádála, ba cheart go mbeadh na cearta vótála céanna ag scaireanna ilvótaí agus atá ag cineálacha eile scaireanna sa chuideachta. D'áiríteadh sé sin go gcuirfeadh scaireanna ilvótaí ligean isteach céaduaire chun trádála *mhargadh rialáilte, ar mhargadh fáis FBManna nó ar aon MTF eile* a chur chun cinn go sonrath.
- (10) Mar gheall ar chumhacht vótála laghdaithe scairshealbhóirí neamh-urlámhais sa chuideachta i gcoibhneas lena n-infheistíochtaí, féadfaidh struchtúir scaireanna ilvótaí rialú suthain a thabhairt do scairshealbhóirí rialaitheacha na cuideachta sin agus, ar an gcaoi sin, rialú a dhéanamh ar dhíothacht scairshealbhóirí. D'fhéadfadh sé sin cur leis an mbaol go mbainfeadh scairshealbhóirí rialaithe sochair phríobháideacha ó rialú. Chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí sin, ba cheart glacadh struchtúir scaireanna ilvótaí a bheith faoi réir coimircí chun scairshealbhóirí mionlaigh a chosaint.
- (11) Sna Ballstáit a cheadaíonn scaireanna ilvótaí, foráiltear do choimircí chun scairshealbhóirí mionlaigh agus leasanna na cuideachta a chosaint. Mar sin féin, tá éagsúlacht sna coimircí atá ann cheana idir na Ballstáit i ngeall ar shainiúlachtaí náisiúnta agus ar chórais éagsúla dlí cuideachtaí. Ag féachaint do chuspóirí an mhargaidh inmheánaigh mar a leagtar amach iad go háirithe in Airteagal 50(2), pointe

³ Treoir 2014/65/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Bealtaine 2014 maidir le margaí in ionstraimí airgeadais agus lena leasaítear Treoir 2002/92/CE agus Treoir 2011/61/AE (IO L 173, 12.6.2014, lch. 349).

(g) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, ba cheart do na Ballstáit cur chuige comhordaithe a áirithiú ina ndlíthe náisiúnta maidir le struchtúir scaireanna ilvótaí i leith leasanna na scairshealbhóirí mionlaigh agus na cuideachta a chosaint. Áirítear leis sin cosaint i gcoinne cinntí lena gcruthaítear rioscaí do chearta an duine, don athrú aeráide, agus d'iarmhairtí comhshaoil, nó a mbíonn drochiarmhairtí mar thoradh orthu. Faoin gcur chuige comhordaithe sin, ba cheart do na Ballstáit uile a áirithiú go ndéanfar aon chinneadh struchtúr scaireanna ilvótaí a ghlacadh, nó an struchtúr sin a mhodhnú i gcás ina mbeidh tionchar ar chearta vótála, trí thromlach cáilithe ag cruinniú ginearálta na scairshealbhóirí. ***I gcuideachtaí ina bhfuil roinnt aicmí scaireanna, ba cheart an tromlach cáilithe sin a ríomh ar bhonn líon iomlán na vótaí a caitheadh agus ar bhonn líon na vótaí laistigh de gach aicme scaireanna a ndéanann an cinneadh difear dóibh.*** Thairis sin, tugtar isteach freisin teorainn ar mheáchan vótála na scaireanna ilvótaí trí shrianta a thabhairt isteach ar dheardh an struchtúir scaireanna ilvótaí agus ar fheidhmiú na gceart vótála a ghabhann le scaireanna ilvótaí chun cinntí áirithe a ghlacadh. Féadfar an srian ar fheidhmiú cearta vótála a chur i bhfeidhm trína cheangal gur gá tromlach cáilithe na vótaí a chaitear ag cruinniú ginearálta na scairshealbhóirí agus an scairchaipitil a bhfuil ionadaíocht á déanamh air ag cruinniú ginearálta na scairshealbhóirí a bheith le formheas trí thromlach cáilithe.

- (11a) ***D'fhéadfadh scaireanna ilvótaí cuideachta a chosaint ó dhíriú an iomarca ar leasanna gearrthéarmacha, trí ghuth níos láidre a thabhairt do bhunaitheoirí agus do scairshealbhóirí fadtéarmacha. D'fhonn fás inbhuanaithe fadtéarmach a spreagadh, d'fhéadfadh cuideachtaí a eisíonn scaireanna ilvótaí tuarascáil a fhoilsiú ina sonróaí conas a chuideoidh a struchtúr comhroinnte le leasanna na ngeallsealbhóirí uile a chur chun cinn.***
- (12) Ba cheart lánrogha a thabhairt do na Ballstáit coimircí breise a thabhairt isteach, i gcás inar gá, chun cosaint leormhaith ar leasanna na scairshealbhóirí mionlaigh agus ar leas na cuideachta a áirithiú. Ba cheart do na Ballstáit measúnú a dhéanamh ar oiriúnacht na gcoimircí breise i bhfianaise a n-éifeachtaí atá siad ó thaobh leasanna na scairshealbhóirí mionlaigh agus na cuideachta a chosaint, agus é á áirithiú acu ag an am céanna nach gcuireann na coimircí sin deireadh le cuspóir na struchtúr scaireanna ilvótaí, i.e. go bhféadfadh scairshealbhóirí rialaitheacha cuideachta tionchar a imirt ar chinntí tábhachtacha, lena n-áirítear stiúirthóirí a cheapadh.
- (13) Trí fhaisnéis chruinn, chuimsitheach agus thráthúil faoi eisitheoirí a nochtadh, neartaítear muinín infheisteoirí agus ceadáitear cinnteoireacht infheistíochta eolasach. Cuireann cinnteoireacht infheistíochta eolasach den sórt sin le cosaint infheisteoirí agus le héifeachtúlacht an mhargaidh araon. ***Dá bhrí sin, ba cheart do na Ballstáit a cheangal ar chuideachtaí a bhfuil struchtúir scaireanna ilvótaí acu ainm stoic a bheith acu a chríochnaíonn leis an marcóir 'WVR' (cearta vótála ualaithe) chun a chur in iúl go soiléir don phobal go bhfuil a struchtúr scairshealbhóirí agus a bpróifíl leachtachta éagsúil le struchtúr agus próifíl leachtachta cuideachtaí traidisiúnta.*** Ba cheart do na Ballstáit freisin ceangal a chur ar chuideachtaí ag a bhfuil struchtúr scaireanna ilvótaí faisnéis mhionsonraithe a fhoilsiú maidir lena struchtúr scaireanna agus lena gcóras rialachais chorparáidigh tráth a ligtear isteach chun a dtrádála iad, agus go tréimhsiúil freisin sa tuarascáil airgeadais bhliantúil. Ba cheart a lua san fhaisnéis sin an bhfuil aon teorainneacha ar shealbhú urrús, lena n-áirítear an bhfuil gá le formheas ón gcuideachta nó ó shealbhóirí eile urrús chun urrúis a aistriú. Ba cheart a lua ann freisin an bhfuil aon srianta ar chearta vótála, lena n-áirítear teorainneacha ar chearta

vótála sealbhóirí de chéatadán nó de líon áirithe vótaí, spriocdhátaí chun cearta vótála a fheidhmiú, nó córais trína ndéantar na cearta airgeadais a ghabhann le hurrúis a dheighilt ó urrúis a shealbhú. *Ba cheart an fhaisnéis den sin a thabhairt cothrom le dáta go tréimhsiúil agus aon uair a tharlaíonn athrú suntasach ar úinéireacht nó ar rialú scaireanna a bhfuil cearta vótála ag gabháil leo.* Thairis sin, ba cheart do na cuideachtaí sin, *i gcomhréir leis an dlí trédhearcachta atá ann cheana*, céannacht sealbhóirí scaireanna ilvótaí a nochtadh mar aon leis na daoine nádúrtha atá i dteideal cearta vótála a fheidhmiú thar a gceann agus na ndaoine a fheidhmíonn cearta rialaithe speisialta chun trédhearcacht a sholáthar d'infheisteoirí, mar dhaoine den phobal i gcoitinne, maidir le húinéireacht deiridh agus tionchar *de facto* ar an gcuideachta. Chuirfeadh sé sin ar chumas infheisteoirí cinntí eolasacha a dhéanamh agus ar an gcaoi sin a muinín i margaí caipitil a fheidhmíonn go maith a neartú.

- (14) Ós rud é nach féidir leis na Ballstáit cuspóirí na Treorach seo, eadhon roghanna cistiúcháin do ghnólachtaí a mhéadú *chomh maith le* margaí fáis na FBManna a dhéanamh níos tarraingtí, a ghnóthú go leordhóthanach agus go tráthúil agus, de bharr fhairsinge agus éifeachtaí na mbeart, gur fearr is féidir iad a ghnóthú ar leibhéal an Aontais, féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh, i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta a leagtar amach in Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpach. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Treoir seo thar a bhfuil gá leis chun na cuspóirí sin a ghnóthú.
- (15) *Chun measúnú a dhéanamh ar chur chun feidhme agus ar thionchar na Treorach seo, go háirithe aon tionchair dhiúltacha ar na gníomhaithe uile lena mbaineann, agus* chun forbairtí margaidh agus forbairtí i réimsí eile de dhlí an Aontais nó taithe na mBallstát ar chur chun feidhme na Treorach seo a chur san áireamh, ba cheart don Choimisiún athbhreithniú a dhéanamh ar an Treoir seo *trí* bliana tar éis dháta an trasuí agus gach *trí* bliana ina dhiaidh sin.
- (16) I gcomhréir le Dearbhú Comhpháirteach Polaitiúil an 28 Meán Fómhair 2011 ó na Ballstáit agus ón gCoimisiún maidir le doiciméid mhíniúcháin⁴, ghlac na Ballstáit mar chúram orthu féin, i gcásanna a bhfuil údar cuí leo, doiciméad amháin nó níos mó a chur leis an bhfógra maidir lena mbearta trasuite, ar doiciméid iad lena mínítear an gaol idir codanna de threoir agus páirteanna comhfhreagracha na n-ionstraimí náisiúnta trasuite. I ndáil leis an Treoir seo measann an reachtóir go bhfuil údar cuí le doiciméid den sórt sin a tharchur.
- (17) Chuathas i gcomhairle leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí i gcomhréir le hAirteagal 42(1) de Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁵ agus thug sé tuairim an [XX XX 2022/2023]⁶,

⁴ IO C 369, 17.12.2011, lch. 14.

⁵ Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE (Téacs atá ábhartha maidir le LEE), (IO L 295, 21.11.2018, lch. 39–98).

⁶ [OIFIG NA BHFOILSEACHÁN: [Fonóta nuair a bheidh sé ar fáil].

TAR ÉIS AN TREOIR SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Ábhar

Leis an Treoir seo, leagtar síos rialacha comhchoiteanna maidir le struchtúir scaireanna ilvótaí i gcuideachtaí a fhéachann lena scaireanna a ligean isteach chun a dtrádála ar mhargadh rialáilte nó ar ***mhargadh rialáilte, ar mhargadh*** fáis FBManna, ***nó ar aon saoráid trádála iltaobhach eile***, i mBallstát t amháin nó níos mó agus nach bhfuil scaireanna acu a ligtear isteach chun a dtrádála cheana féin in aon ionad trádála.

Airteagal 2

Sainmhínithe

Chun críoch na Treorach seo, tá feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

- (a) ciallaíonn ‘cuideachta’ eintiteas dlíthiúil atá corpraithe mar cheann de na cineálacha cuideachtaí a liostaítear in Iarscríbhinn **II** a ghabhann le Treoir (AE) 2017/1132;
- (b) ciallaíonn ‘scaireanna ilvótaí’ scaireanna d'aicme ar leithligh agus ar leithligh lena ngabhann ***líon níos airde vótaí in aghaidh na scaire*** ná aicme eile scaireanna ag a bhfuil cearta vótála maidir le hábhair atá le cinneadh ag cruinniú ginearálta na scairshealbhóirí;
- (c) ciallaíonn ‘struchtúr scair ilvótaí’ an struchtúr scaireanna de chuid cuideachta ina bhfuil aon aicme amháin scaireanna ilvótaí ar a laghad;
- (d) ciallaíonn ‘ionad trádála’ ionad trádála mar a shainmhínítear in Airteagal 4(1), pointe 24, de Threoir 2014/65/AE;
- (e) ciallaíonn ‘margadh fáis FBManna’ margadh fáis FBManna mar a shainmhínítear in Airteagal 4(1), pointe (12) de Threoir 2014/65/AE;
- (f) ***ciallaíonn ‘margadh rialáilte’ margadh rialáilte mar a shainmhínítear in Airteagal 4(1), pointe (21), de Threoir 2014/65/AE;***
- (fa) ***ciallaíonn ‘saoráid trádála iltaobhach’ nó ‘MTF’ saoráid trádála iltaobhach mar a shainmhínítear in Airteagal 4(1), pointe (22) de Threoir 2014/65/AE;***



Airteagal 4

Glacadh struchtúr scaireanna ilvótaí

1. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh sé de cheart ag cuideachtaí nach bhfuil scaireanna acu a ligtear isteach chun a dtrádála ar ionad trádála struchtúir scaireanna ilvótaí a ghlacadh chun scaireanna a ligean isteach chun a dtrádála ar mhargadh rialáilte, ar ***mhargadh fáis FBM, nó ar aon MTF eile***, i mBallstát amháin nó níos mó. Ní chuirfidh na Ballstáit cosc ar scaireanna cuideachta ar mhargadh rialáilte nó ar mhargadh fáis FBM a ligean isteach chun a dtrádála ***ar mhargadh rialáilte, ar***

mhargadh fáis FBM, nó ar aon MTF eile, ar an bhforas gur ghlac an chuideachta struchtúr scaireanna ilvótaí.

2. *Cuimsíonn an ceart dá dtagraítear i mír 1 an ceart struchtúir scaireanna ilvótaí a ghlacadh in am sula lorgaítear scaireanna a ligean isteach chun a dtrádála **ar mhargadh rialáilte**, ar mhargadh fáis FBManna **nó ar aon MTF eile**.*
3. *Féadfaidh na Ballstáit feidhmiú na gceart vótála feabhsaithe a ghabhann leis na scaireanna ilvótaí a chur de choinnioll le scaireanna a ligean isteach chun a dtrádála **ar mhargadh rialáilte, ar mhargadh fáis FBManna, nó ar MTF ar bith eile**, i mBallstát amháin nó níos mó.*
- 3a. *Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfaidh ag cruinniú ginearálta na scairshealbhóirí cinneadh cuideachta struchtúr ilvótaí scaireanna a ghlacadh nó a mhodhnú trí thromlach cáilithe ar a laghad de na vótaí arna gcaitheamh, mar a shonraítear sa dlí náisiúnta. Ní chuirfidh na Ballstáit de choinnioll leis an struchtúr sin a ghlacadh go soláthrófar cearta eacnamaíocha feabhsaithe le haghaidh scaireanna gan cearta vótála feabhsaithe.*

I gcás ina mbeidh aicmí éagsúla scaireanna ann, beidh an cinneadh chun struchtúr scaire ilvótaí a ghlacadh faoi réir vóta ar leithligh ina theannta sin laistigh de gach aicme scaireanna a ndéantar difear dá gcearta.

Airteagal 5

Coimircí i gcuideachtaí a bhfuil struchtúr scaireanna ilvótaí glactha acu

1. *Áiritheoidh na Ballstáit, i gcás cuideachtaí a bhfuil struchtúr scaireanna ilvótaí glactha acu i gcomhréir leis an Treoir seo, go mbeidh coimircí iomchuí i bhfeidhm chun foráil a dhéanamh maidir le cosaint leordhóthanach ar leasanna ■ scairshealbhóirí nach bhfuil scaireanna ilvótaí acu■ . Chuige sin, déanfaidh na Ballstáit an méid seo a leanas■ :*
 - (a) *uaschóimheas vótála a thabhairt isteach idir duine amháin agus dhá vóta déag agus teorainn ar uaschéatadán an scairchaipitil atá gan íoc a thabhairt isteach ar féidir le méid iomlán na scaireanna ilvótaí ionadaíocht a dhéanamh air; ■*
 - (b) *tionchar scaireanna ilvótaí ar an bpróiseas cinnteoireachta ag cruinnithe ginearálta scairshealbhóirí a theorannú trí cheanglas a thabhairt isteach go nglacfar cinntí trí chruinnithe ginearálta na scairshealbhóirí atá faoi réir vótáil trí thromlach cáilithe, seachas stiúrthóirí a cheapadh agus a bhriseadh as a bpost chomh maith le cinntí oibríochtúla atá le glacadh ag stiúrthóirí agus le cur faoi bhráid chruinniú ginearálta na scairshealbhóirí lena bhformheas, trí bhíthin:*
 - (i) *tromlach cáilithe, mar a shonraítear sa dlí náisiúnta, de na vótaí a caitheadh agus de thromlach cáilithe an scairchaipitil a ndéantar ionadaíocht dó ag an gcruinniú nó de líon na scaireanna a bhfuil ionadaíocht á déanamh orthu ag an gcruinniú; nó*

(ii) *tromlach cáilithe, mar a shonraítear sa dlí náisiúnta, de na vótaí a chaitear, agus trí vóta ar leithligh laistigh de gach aicme scaireanna a ndéantar difear dá gcearta;*

(ba) *úsáid na gceart vótála feabhsaithe a ghabhann le scaireanna ilvótaí ag cruinnithe ginearálta na scairshealbhóirí a eisiamh le linn na vótálacha ar rúin arna gcur síos ag scairshealbhóirí i gcomhréir le hAirteagal 6(1) de Threoir 2007/36/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, ⁷go háirithe maidir le hábhair a bhaineann le tionchar oibríochtaí na cuideachta ar chearta an duine agus ar an gcomhshaol.*

2. Féadfaidh na Ballstáit foráil a dhéanamh maidir le coimircí breise chun cosaint leormhaith a áirithiú do leasanna na scairshealbhóirí nach bhfuil scaireanna ilvótaí acu agus do leasanna na cuideachta. ***Cuirfear na coimircí sin in iúl don Choimisiún agus do ESMA.*** Féadfar an méid seo a leanas, go háirithe, a áireamh sna coimircí sin:

(a) foráil chun a sheachaint go ndéanfar na cearta vótála feabhsaithe a ghabhann le scaireanna ilvótaí a aistriú chuig tríú páirtithe nó go leanfaidh siad de bheith ann ar bhás, éagumasú nó scor shealbhóir bunaidh scaireanna ilvótaí (clásal aistrithe bunaithe ar dhul faoi na gréine);

(b) foráil chun a sheachaint go leanfaidh na cearta vótála feabhsaithe a ghabhann le scaireanna ilvótaí de bheith ann tar éis tréimhse ainmnithe (clásal am-bhunaithe maidir le lú na gréine);

(c) foráil chun a sheachaint go leanfaidh na cearta vótála feabhsaithe a ghabhann le scaireanna ilvótaí de bheith ann ar theagmhas sonraithe tarlú (clásal maidir le dul faoi na gréine bunaithe ar theagmhas);

(d) ceanglas nach mbeidh feidhm ag na cearta vótála feabhsaithe a ghabhann le scaireanna ilvótaí maidir le hábhair a bhaineann le luach saothair feidhmiúcháin agus beartas díbhinne ná le formheas idirbheart páirtí ghaolmhair.

Airteagal 6

Trédhearcacht

1. Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfaidh cuideachtaí a bhfuil struchtúir scaireanna ilvótaí acu a ndéantar a scaireanna a thrádáil nó a thrádáil ar ***mhargadh rialáilte, ar mhargadh*** fáis FBManna, ***nó ar aon MTF eile***, a chur ar fáil go poiblí, sa ***réamheolaire dá dtagraítear in Airteagal 6 de Rialachán (AE) 2017/1129 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁸ nó sa [Réamheolaire Fáis de chuid AE dá dtagraítear in Airteagal 15a]*** den Rialachán ***sin*** nó sa doiciméad iontrála dá dtagraítear in Airteagal 33(3), pointe (c), de Threoir (AE) 2014/65/AE agus i dtuarascáil bhliantúil airgeadais na cuideachta dá dtagraítear in Airteagal 78(2), pointe (g), de Rialachán Tarmlichte

⁷ *Treoir 2007/36/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Iúil 2007 maidir le feidhmiú cearta áirithe scairshealbhóirí i gcuideachtaí liostaithe (IO L 184, 14.7.2007, lch. 17).*

⁸ *Rialachán (AE) 2017/1129 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Meitheamh 2017 maidir leis an réamheolaire atá le foilsiú nuair a thairgtear urrúis don phobal nó nuair a ligtear isteach iad chun a dtrádála ar mhargadh rialáilte, agus lena n-aisghairtear Treoir 2003/71/CE (IO L 168, 30.6.2017, lch. 12)*

(AE) 2017/565⁹ ón gCoimisiún, faisnéis mhionsonraithe maidir leis na nithe uile seo a leanas:

- (a) struchtúr a gcuid caipitil, lena n-áirítear urrúis nach ligtear isteach chun a dtrádála ar an margadh **ábhartha** i mBallstát, mar aon le léiriú ar na haicmí éagsúla scaireanna agus, i gcás gach aicme scaireanna, na cearta agus na hoibleagáidí a ghabhann leis an aicme sin, agus céatadán an scairchaipitil iomlán agus na gceart iomlán vótála arb ionann iad agus an aicme sin;
- (b) aon srianta ar aistriú urrús, lena n-áirítear aon chomhaontuithe idir scairshealbhóirí ar eol don chuideachta iad a d'fhéadfadh srianta ar aistriú urrús a bheith mar thoradh orthu;
- (c) céannacht sealbhóirí aon urrús lena ngabhann cearta smachta speisialta agus cur síos ar na cearta sin;
- (d) aon srianta ar chearta vótála, lena n-áirítear aon chomhaontuithe idir scairshealbhóirí atá ar eolas ag an gcuideachta a bhféadfadh srianta ar chearta vótála a bheith mar thoradh orthu;
- (e) céannacht na scairshealbhóirí a shealbhaíonn scaireanna ilvótaí agus **na ndaoine** nádúrtha nó na n-eintiteas dlítheanach atá i dteideal cearta vótála a fheidhmiú thar ceann na scairshealbhóirí sin, i gcás inarb infheidhme.

2. I gcás inar daoine nádúrtha iad sealbhóirí scaireanna ilvótaí nó na daoine atá i dteideal cearta vótála a fheidhmiú thar a gceann nó sealbhóirí urrús a bhfuil cearta speisialta rialaithe acu, ní gá ach a n-ainmneacha a nochtadh chun a gcéannacht a nochtadh.

2a. *Cuideachtaí a bhfuil struchtúir scaireanna ilvótaí acu, a ndéantar a scaireanna a thrádáil nó a thrádáil ar mhargadh rialáilte, ar mhargadh fáis FBM, nó ar aon MTF eile, beidh stocainm acu a chríochnaíonn leis an marcóir 'WVR' (cearta vótála ualaithe) chun a chur in iúl go soiléir don phobal go bhfuil a struchtúr scairshealbhóirí difriúil ó struchtúr cuideachtaí traidisiúnta.*

2b. *Cuirfidh údaráis inniúla náisiúnta agus margáí rialáilte, margáí fáis FBManna agus MTFanna, tuiscint agus feasacht infheisteoirí chun cinn maidir leis an marcóir WVR agus an tionchar ar chearta vótála a bhaineann le hinfheistíocht a dhéanamh i gcuideachtaí a bhfuil struchtúir scaireanna ilvótaí acu.*

Airteagal 7

Athbhreithniú

Faoin ... [**trí** bliana tar éis theacht i bhfeidhm **na Treorach seo**] agus gach 3 bliana ina dhiaidh **sin**, cuirfidh an Coimisiún tuarascáil faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle maidir le cur chun feidhme agus éifeachtaí na Treorach seo. Chuige sin, faoi [**dhá** bliana tar éis theacht i bhfeidhm na Treorach seo] agus gach bliain ina dhiaidh **sin**, cuirfidh na Ballstáit an fhaisnéis **ábhartha uile** ar fáil don Choimisiún, go háirithe, maidir leis an méid seo a leanas:

⁹ Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/565 ón gCoimisiún an 25 Aibreán 2016 lena bhforlíontar Treoir 2014/65/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le ceanglais eagraíochtúla agus coinníollacha oibriúcháin do ghnólachtaí infheistíochta agus téarmaí sainithe chun críoch na Treorach sin (IO L 87, 31.3.2017, lch. 1)

- (a) líon na gcuideachtaí a ligtear isteach chun a dtrádála le scaireanna ilvótaí;
- (b) an earnáil ina bhfuil na cuideachtaí dá dtagraítear i bpointe (a) gníomhach agus an caipitliú faoi seach tráth a n-eisiúna;
- (c) an chosaint d'infheisteoirí arna cur i bhfeidhm ag na cuideachtaí dá dtagraítear i bpointe (a) i ndáil le struchtúir scaireanna ilvótaí.

Airteagal 8

Trasú

1. Déanfaidh na Ballstáit an dlí, na rialacháin agus na forálacha riaracháin is gá chun an Treoir seo a chomhlíonadh a thabhairt i bhfeidhm faoin ... **[12 mhí** tar éis dháta theacht i bhfeidhm na Treorach seo]. Cuirfidh siad an Coimisiún ar an eolas faoin méid sin láithreach. Nuair a ghlacfaidh na Ballstáit na forálacha sin, beidh tagairt iontu don Treoir seo nó beidh tagairt den sórt sin ag gabháil leo tráth a bhfoilsithe oifigiúil. Is iad na Ballstáit a leagfaidh síos na modhanna ina ndéanfar an tagairt sin.
2. Cuirfidh na Ballstáit in Iúil don Choimisiún téacs phríomhfhorálacha an dlí náisiúnta a ghlacfaidh siad sa réimse a chumhdaítear leis an Treoir seo.

Airteagal 9

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Treoir seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a foilsithe in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh.

Airteagal 10

Seolaithe

Is chuig na Ballstáit a dhírítear an Treoir seo.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

Thar ceann Pharlaimint na hEorpa
An tUachtarán
[...]

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán
[...]

20.9.2023

OPINION OF THE COISTE UM GHNÓTHAÍ DLÍTHIÚLA

chuid an gCoiste um Ghnóthaí Eacnamaíochta agus Airgeadaíochta

ar an togra le haghaidh treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le struchtúir scaireanna ilvótaí i gcuideachtaí a fhéachann lena scaireanna a ligean isteach chun a dtrádála ar mhargadh fáis FBManna (COM(2022)0761 – C9-0416/2022 – 2022/0406(COD))

Rapóirtéir don tuairim: René Repasi

LEASUITHE

Iarrann an Coiste um Ghnóthaí Dlíthiúla ar an gCoiste um Ghnóthaí Eacnamaíochta agus Airgeadaíochta, mar an coiste atá freagrach, na leasuithe seo a leanas a chur san áireamh:

Leasú 1 **Togra le haghaidh treorach** **Aithris 1**

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

(1) Chun tarraingteacht mhargaí fáis *na* FBManna a threisiú agus chun éagothromais a laghdú do chuideachtaí atá ag iarraidh ligean isteach chun a dtrádála sa mhargadh aonair, is gá aghaidh a thabhairt ar bhacainní ar rochtain ar mhargaí den sórt sin a eascraíonn as bacainní rialála. Ba cheart do chuideachtaí a bheith in ann struchtúir rialachais a roghnú a oireann don chéim forbartha is fearr acu, lena n-áirítear *trí rialú a dhéanamh* ar scairshealbhóirí na gcuideachtaí sin rialú a choinneáil ar an ngnó tar éis dóibh rochtain a fháil ar mhargaí fáis FBManna, agus tairbhe a bhaint ag an am céanna as na tairbhí a bhaineann le trádáil ar na margaí sin, fad is a bheidh cearta scairshealbhóirí mionlaigh

Leasú

(1) Chun tarraingteacht mhargaí fáis FBManna a threisiú agus chun éagothromais a laghdú do chuideachtaí atá ag iarraidh ligean isteach chun a dtrádála sa mhargadh aonair, is gá aghaidh a thabhairt ar bhacainní ar rochtain ar mhargaí den sórt sin a eascraíonn as bacainní rialála. Ba cheart do chuideachtaí a bheith in ann, *faoi réir coimircí iomchuí*, struchtúir rialachais a roghnú a oireann don chéim forbartha is fearr acu, lena n-áirítear *trína chur ar chumas* scairshealbhóirí *rialaithe* na gcuideachtaí sin rialú a choinneáil ar an ngnó tar éis dóibh rochtain a fháil ar mhargaí fáis FBManna, agus tairbhe a bhaint ag an am céanna as na tairbhí a bhaineann le trádáil ar na margaí sin, fad is a bheidh cearta scairshealbhóirí mionlaigh

á gcosaint *i gcónaí*.

á gcosaint *go leanúnach*.

Leasú 2

Togra le haghaidh treorach Aithris 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

(2) Tá eagla go gcaillfí smacht ar chuideachta ar cheann de na **príomh-dhíspregadh chun** scairshealbhóirí **a rialú chun** rochtain a fháil ar **mhargáí fáis FBM**. Is gnách go mbíonn caolú úinéireachta i gceist le ligean isteach chun trádála do scairshealbhóirí rialaithe, rud a laghdaíonn a dtionchar ar chinntí tábhachtacha infheistíochta agus oibriúcháin sa chuideachta. D'fhéadfadh sé go háirithe go mbeadh sé tábhachtach rialú na cuideachta a choinneáil i gcás gnólachtaí nuathionscanta agus cuideachtaí a bhfuil tionscadail fhadtéarmacha acu a dteastaíonn costais shuntasacha orthu roimh ré, toisc go mb'fhéidir gur mhaith leo a bhfís a shaothrú gan a bheith rónochtaithe do luaineachtaí sa mhargadh.

Leasú 3

Togra le haghaidh treorach Aithris 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

(3) Is meicníocht éifeachtach iad struchtúir scaireanna ilvótaí chun cur ar chumas scairshealbhóirí a rialú cumhacht cinnteoireachta a choinneáil i gcuideachta, agus cistí a bhailiú ón bpobal ag an am céanna. Is éard atá i struchtúir scaireanna ilvótaí ná cineál sásra feabhsaithe rialaithe lena ngabhann ar a laghad dhá aicme scaireanna ar leithligh le líon éagsúil **ceart vótála**. Faoi struchtúir den sórt sin, **tá**

Leasú

(2) Tá eagla go gcaillfí smacht ar chuideachta ar cheann de na **príomhthosca a chuireann bac ar** scairshealbhóirí **rialaithe** rochtain a fháil ar **an margadh caipitil agus an margadh cothromais**. Is gnách go mbíonn caolú úinéireachta i gceist le ligean isteach chun trádála do scairshealbhóirí rialaithe, rud a laghdaíonn a dtionchar ar chinntí tábhachtacha infheistíochta, **straitéiseacha** agus oibriúcháin sa chuideachta. D'fhéadfadh sé go háirithe go mbeadh sé tábhachtach rialú na cuideachta a choinneáil i gcás gnólachtaí nuathionscanta agus cuideachtaí a bhfuil tionscadail fhadtéarmacha acu a dteastaíonn costais shuntasacha orthu roimh ré, toisc go mb'fhéidir gur mhaith leo a bhfís a shaothrú gan a bheith rónochtaithe do luaineachtaí sa mhargadh.

Leasú

(3) Is meicníocht éifeachtach iad struchtúir scaireanna ilvótaí chun cur ar chumas scairshealbhóirí a rialú cumhacht cinnteoireachta a choinneáil i gcuideachta, agus cistí a bhailiú ón bpobal ag an am céanna. Is éard atá i struchtúir scaireanna ilvótaí ná cineál sásra feabhsaithe rialaithe lena ngabhann ar a laghad dhá aicme scaireanna ar leithligh le líon éagsúil **vótaí in aghaidh na scaire**. Faoi struchtúir den

luach vótála níos ísle ag ceann amháin ar a laghad de na haicmí scaireanna ná mar atá ag aicme (nó aicmí) eile scaireanna le cearta vótála. Is scair ilvótaí é an scair ag a bhfuil an líon is mó vótaí.

sórt sin, **is** ísle **na vótaí in aghaidh na scaire atá** ag ceann amháin ar a laghad de na haicmí scaireanna ná mar atá ag aicme (nó aicmí) eile scaireanna le cearta vótála. Is scair ilvótaí é an scair ag a bhfuil an líon is mó vótaí. **Féadfaidh na cineálacha scaireanna atá incháilithe do struchtúir scaireanna ilvótaí a bheith éagsúil ó thaobh dearaidh de. Tá luach vótála níos airde ag baint le bunchineál na scaire ilvótaí tráth a heisiúna. Féadfar méadú ar an luach vótála le linn thréimhse úinéireachta na scaire a bheith mar shaintréith ag scaireanna ilvótaí freisin, i gcás ina dtéann an luach vótála méadaithe in éag tráth a n-aistrítear an úinéireacht. Féadfar luach vótála níos airde a bheith ag baint le scaireanna atá incháilithe do scair ilvótaí freisin, i gcás ina dtarscaoileann an sealbhóir aon cheart dáileacháin nó nach bhfaigheann sé ach cearta dáileacháin atá teoranta go suntasach i gcomaoin air sin.**

Leasú 4

Togra le haghaidh treorach Aithris 4

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

(4) Tá **meicníochtaí** feabhsaithe rialaithe eile ann a cheadaíonn cumhacht vótála a ghíaráil, seachas struchtúir scaireanna ilvótaí. Féadfar a áireamh ar shásraí den sórt sin scaireanna neamhvótála, scaireanna tosaíochta gan vóta agus uasteorainneacha ar chearta vótála. Mar sin féin, d'fhéadfadh na sásraí malartacha feabhsaithe rialaithe sin, ar iad a bheith níos righne ina mbunú, srian a chur ar an méid caipitil is féidir le cuideachta a chruinniú ag an bpointe iontrála chun trádála **ar mhargáí fíús FBManna** mar gheall ar dhícheangal níos ísle idir cearta eacnamaíocha agus cearta vótála.

Leasú

(4) Tá **sásraí** feabhsaithe rialaithe eile ann a cheadaíonn cumhacht vótála a ghíaráil, seachas struchtúir scaireanna ilvótaí. Féadfar a áireamh ar shásraí den sórt sin scaireanna neamhvótála, scaireanna tosaíochta gan vóta agus uasteorainneacha ar chearta vótála. Mar sin féin, d'fhéadfadh na sásraí malartacha feabhsaithe rialaithe sin, ar iad a bheith níos righne ina mbunú, srian a chur ar an méid caipitil is féidir le cuideachta a chruinniú ag an bpointe iontrála chun trádála mar gheall ar dhícheangal níos ísle idir cearta eacnamaíocha agus cearta vótála.

Leasú 5

Togra le haghaidh treorach Aithris 5

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

(5) Tugann scaireanna dílseachta, amhail scaireanna ilvótaí, cearta vótála níos airde do scairshealbhóir. Féadfaidh scairshealbhóir cearta vótála breise a ghabhann le scaireanna dílseachta a fháil, agus an scair á sealbhú aige ar feadh an ama ainmnithe agus coinníollacha áirithe a chomhlíonadh. Is **sásra** rialaithe **feabhsaithe** iad scaireanna dílseachta atá deartha agus úinéireacht níos cobhsaí, níos fadtarmaí i measc infheisteoirí a bheith mar thoradh orthu **seachas chun cur** le tarraingteacht **cistí a chruinniú ón bpobal**. **Níl sé iomchuí, dá bhrí sin, go n-áireofaí** scaireanna **dílseachta i raon feidhme na Treorach seo**.

Leasú 6

Togra le haghaidh treorach Aithris 5 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

(5) Tugann scaireanna dílseachta, amhail scaireanna ilvótaí, cearta vótála níos airde do scairshealbhóir. Féadfaidh scairshealbhóir cearta vótála breise a ghabhann le scaireanna dílseachta a fháil, agus an scair á sealbhú aige ar feadh an ama ainmnithe agus coinníollacha áirithe a chomhlíonadh. Is **sásraí feabhsaithe** rialaithe iad scaireanna dílseachta atá deartha agus úinéireacht níos cobhsaí, níos fadtarmaí i measc infheisteoirí a bheith mar thoradh orthu, **rud a chuirfidh** le tarraingteacht **gealltanais fhadtéarmaigh**. **Ba cheart scaireanna dílseachta a chumhdach freisin leis na rialacha comhchoiteanna a leagtar síos sa Treoir seo, i gcás inarb infheidhme. Tá cuspóir comhchosúil ag scaireanna nach bhfuil aon cheart dáileacháin ag baint leo nó a bhfuil cearta dáileacháin atá teoranta go suntasach leo, trí rannpháirtíocht fhadtéarmach scairshealbhóirí faoi seach a dheimhniú. Is iomchuí, dá bhrí sin, cead a thabhairt do chuideachtaí cearta vótála níos airde a thabhairt do na scairshealbhóirí sin, go háirithe má tá a gcuid scaireanna ina seilbh acu don tréimhse ainmnithe.**

Leasú

(5 a) Ar an gcaoi chéanna le struchtúir scaireanna ilvótaí, is féidir le scéimeanna rannpháirtíochta fostaithe roghanna

cistiúcháin a mhéadú, cobhsaíocht, forbairt agus fás a chur ar fáil do FBManna agus is comhlánú tábhachtach iad ar rialachas corparáideach inbhuanaithe, le tairbhí d'fhostaithe agus do chuideachtaí araon. Is féidir le scéimeanna um Rannpháirtíocht Airgeadais d'Fhostaithe cabhrú le cuideachtaí, go háirithe FBManna, maidir le hathstruchtúrú agus leanúnachas gnó trí aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna a bhaineann le comharbas gnó agus athnuachan glúine. Dá bhrí sin, trí fhorbairt scéimeanna rannpháirtíochta fostaithe a chur chun cinn, is féidir rannchuidiú le cuspóirí foriomlána na Treorach seo. I gcás ina bhfuil scéim rannpháirtíochta fostaithe bunaithe ag cuideachta, níor cheart go laghdófaí na cearta vótála agus rannpháirtíochta a ghabhann leis an scéim rannpháirtíochta fostaithe atá ann cheana dá dtabharfaí isteach struchtúr scaireanna ilvótaí.

Leasú 7

Togra le haghaidh treorach Aithris 7

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

(7) Ba cheart do na Ballstáit an deis a thabhairt do chuideachtaí struchtúir scaireanna ilvótaí a ghlacadh ionas go mbeidh siad in ann ligean isteach chun a dtrádála ar mhargadh fáis **FBM** a lorg gan iallach a bheith ar a scairshealbhóirí urlámhais rialú a scaradh. Cé go bhfuil cead isteach chun trádála ar mhargaí rialáilte níos oiriúnaí do chuideachtaí níos mó agus níos aibí, is iondúil go mbíonn margáí fáis FBManna níos oiriúnaí do FBManna. Ceapadh margáí fáis FBManna ar dtús mar ionaid trádála tiomanta do FBManna le cóir rialála a chuireann sainiúlachtaí FBManna san áireamh. Ní FBManna iad gach cuideachta a bhfuil

Leasú

(7) Ba cheart do na Ballstáit an deis a thabhairt do chuideachtaí struchtúir scaireanna ilvótaí a ghlacadh ionas go mbeidh siad in ann ligean isteach chun a dtrádála ar mhargadh **rialáilte nó ar mhargadh** fáis **FBManna** a lorg gan iallach a bheith ar a scairshealbhóirí urlámhais rialú a scaradh. Cé go bhfuil cead isteach chun trádála ar mhargaí rialáilte níos oiriúnaí do chuideachtaí níos mó agus níos aibí, is iondúil go mbíonn margáí fáis FBManna níos oiriúnaí do FBManna. Ceapadh margáí fáis FBManna ar dtús mar ionaid trádála tiomanta do FBManna le cóir rialála a chuireann sainiúlachtaí FBManna san áireamh. Ní

urrúis acu atá liostaithe ar mhargaí fáis **FBM**, áfach. Ceanglaítear le Treoir 2014/65/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle³⁹ gurb ionann FBManna agus 50 % ar a laghad d'eisitheoirí ionstraimí airgeadais a ligtear isteach chun a dtrádála ar mhargaí fáis FBManna. De ghnáth bíonn urrúis níos leachtaí ag cuideachtaí seachas FBManna agus dá bhrí sin tugann a gcuimsiú deis do mhargaí fáis **FBM** táillí trádála níos airde a ghiniúint chun brabúsacht a samhla gnó a choinneáil. Mar sin féin, chun soiléire a áirithiú d'infheisteoirí, tá gach eisitheoir ar mhargaí fáis na FBManna, beag beann ar a méid, faoi réir na rialacha céanna faoi láthair. Is iomchuí, dá bhrí sin, go mbeadh feidhm den chéad uair ag tabhairt isteach an chirt struchtúir ilvótaí **scaireanna** a ghlacadh maidir leis na cuideachtaí go léir atá ag iarraidh go ligfí isteach a gcuid scaireanna ar mhargadh fáis **FBM**.

³⁹ Treoir 2014/65/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Bealtaine 2014 maidir le margáí in ionstraimí airgeadais agus lena leasaítear Treoir 2002/92/CE agus Treoir 2011/61/AE (IO L 173, 12.6.2014, lch. 349).

Leasú 8

Togra le haghaidh treorach Aithris 9

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

(9) Féadfaidh cuideachtaí struchtúir scaireanna ilvótaí a ghlacadh trí eisiúint nua scaireanna nó trí chineál eile idirbhirt chorparáidigh, amhail comhshó scaireanna arna n-eisiúint cheana féin. Ba cheart an tsolúbthacht a bheith ag cuideachtaí an cineál idirbhirt chorparáidigh is iomchuí a

FBManna iad gach cuideachta a bhfuil urrúis acu atá liostaithe ar mhargaí fáis **FBManna**, áfach. Ceanglaítear le Treoir 2014/65/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle³⁹ gurb ionann FBManna agus 50 % ar a laghad d'eisitheoirí ionstraimí airgeadais a ligtear isteach chun a dtrádála ar mhargaí fáis FBManna. De ghnáth bíonn urrúis níos leachtaí ag cuideachtaí seachas FBManna agus dá bhrí sin tugann a gcuimsiú deis do mhargaí fáis **FBManna** táillí trádála níos airde a ghiniúint chun brabúsacht a samhla gnó a choinneáil. Mar sin féin, chun soiléire a áirithiú d'infheisteoirí, tá gach eisitheoir ar mhargaí fáis na FBManna, beag beann ar a méid, faoi réir na rialacha céanna faoi láthair. Is iomchuí, dá bhrí sin, go mbeadh feidhm den chéad uair ag tabhairt isteach an chirt struchtúir **scaireanna** ilvótaí a ghlacadh maidir leis na cuideachtaí go léir atá ag iarraidh go ligfí isteach a gcuid scaireanna ar mhargadh **rialáilte nó ar mhargadh** fáis **FBManna**.

³⁹ Treoir 2014/65/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Bealtaine 2014 maidir le margáí in ionstraimí airgeadais agus lena leasaítear Treoir 2002/92/CE agus Treoir 2011/61/AE (IO L 173, 12.6.2014, lch. 349).

Leasú

(9) Féadfaidh cuideachtaí struchtúir scaireanna ilvótaí a ghlacadh trí eisiúint nua scaireanna nó trí chineál eile idirbhirt chorparáidigh, amhail comhshó scaireanna arna n-eisiúint cheana féin. Ba cheart an tsolúbthacht a bheith ag cuideachtaí an cineál idirbhirt chorparáidigh is iomchuí a

roghnú chun struchtúir scaireanna ilvótaí a ghlacadh i gcomhréir leis an dlí náisiúnta. Ina theannta sin, ba cheart do chuideachtaí an tsolúbthacht a bheith acu maidir le huainiú ghlacadh struchtúir scaireanna ilvótaí, ar choinníoll go n-iarrfaidh siad go ligfí scaireanna isteach den chéad uair chun a dtrádála ar mhargadh fáis **FBM**. Níor cheart do na Ballstáit cosc a chur ar chuideachtaí struchtúir scaireanna ilvótaí a ghlacadh ag pointe roimh an tráth a ligtear scaireanna isteach chun a dtrádála. Ba cheart cead a bheith ag na Ballstáit, áfach, a leagan síos go bhfuil feidhmiú na gceart vótála feabhsaithe, arb ionann iad agus cearta vótála breise a ghabhann le scaireanna ilvótaí i gcomparáid le cearta vótála scaireanna aicmí eile, coinníollach ar scaireanna a ligean isteach chun a dtrádála **ar mhargadh fáis FBM** i mBallstát amháin nó níos mó. Sa chás sin agus go dtí go ligfear scaireanna ilvótaí isteach chun a dtrádála, ba cheart go mbeadh na cearta vótála céanna ag scaireanna ilvótaí agus atá ag cineálacha eile scaireanna sa chuideachta. D'áiritheodh sé sin go gcuirfeadh scaireanna ilvótaí ligean isteach céaduaire chun trádála ar mhargaí fáis **na** FBManna chun cinn go sonrach.

Leasú 9

Togra le haghaidh treorach Aithris 11

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

(11) Sna Ballstáit a cheadaíonn scaireanna ilvótaí, foráiltear do choimircí chun scairshealbhóirí mionlaigh agus leasanna na cuideachta a chosaint. Mar sin féin, tá éagsúlacht sna coimircí atá ann

roghnú chun struchtúir scaireanna ilvótaí a ghlacadh i gcomhréir leis an dlí náisiúnta. **Thairis sin, ba cheart do na Ballstáit a áirithiú gur féidir struchtúr scaireanna ilvótaí a ghlacadh tráth a chruthaítear cuideachta** ina **hairteagail chomhlachais**. Ina theannta sin, ba cheart do chuideachtaí an tsolúbthacht a bheith acu maidir le huainiú ghlacadh struchtúir scaireanna ilvótaí, ar choinníoll go n-iarrfaidh siad go ligfí scaireanna isteach den chéad uair chun a dtrádála ar mhargadh **rialáilte nó ar mhargadh** fáis **FBManna**. Níor cheart do na Ballstáit cosc a chur ar chuideachtaí struchtúir scaireanna ilvótaí a ghlacadh ag pointe roimh an tráth a ligtear scaireanna isteach chun a dtrádála. Ba cheart cead a bheith ag na Ballstáit, áfach, a leagan síos go bhfuil feidhmiú na gceart vótála feabhsaithe, arb ionann iad agus cearta vótála breise a ghabhann le scaireanna ilvótaí i gcomparáid le cearta vótála scaireanna aicmí eile, coinníollach ar scaireanna a ligean isteach chun a dtrádála i mBallstát amháin nó níos mó. Sa chás sin agus go dtí go ligfear scaireanna ilvótaí isteach chun a dtrádála, ba cheart go mbeadh na cearta vótála céanna ag scaireanna ilvótaí agus atá ag cineálacha eile scaireanna sa chuideachta. D'áiritheodh sé sin go gcuirfeadh scaireanna ilvótaí ligean isteach céaduaire chun trádála ar mhargaí **rialáilte nó ar mhargaí** fáis FBManna chun cinn go sonrach.

Leasú

(11) Sna Ballstáit a cheadaíonn scaireanna ilvótaí, foráiltear do choimircí chun scairshealbhóirí mionlaigh agus leasanna na cuideachta a chosaint. Mar sin féin, tá éagsúlacht sna coimircí atá ann

cheana idir na Ballstáit i ngeall ar shainiúlachtaí náisiúnta agus ar chórais éagsúla dlí cuideachtaí. Ag féachaint do chuspóirí an mhargaidh inmheánaigh mar a leagtar amach iad go háirithe in Airteagal 50(2), pointe (g) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, ba cheart do na Ballstáit cur chuige comhordaithe a áirithiú ina ndlíthe náisiúnta maidir le struchtúir scaireanna ilvótaí i leith leasanna na scairshealbhóirí mionlaigh agus na cuideachta a chosaint. **Áirítear** leis sin cosaint i gcoinne cinntí lena gcruthaítear rioscaí do chearta an duine, don athrú aeráide, agus d'iarmhairtí comhshaoil, nó a mbíonn drochiarmhairtí den sórt sin mar thoradh orthu. Faoin gcur chuige comhordaithe sin, ba cheart do na Ballstáit uile a áirithiú go ndéanfar aon chinneadh struchtúr scaireanna ilvótaí a ghlacadh, nó an struchtúr sin a mhodhnú i gcás ina mbeidh tionchar ar chearta vótála, trí thromlach cáilithe ag cruinniú ginearálta na scairshealbhóirí. Thairis sin, tugtar isteach freisin teorainn ar **mheáchan** vótála na scaireanna ilvótaí trí shrianta a thabhairt isteach ar dheardh an struchtúir scaireanna ilvótaí **nó** ar fheidhmiú na gceart vótála a ghabhann le scaireanna ilvótaí chun cinntí áirithe a ghlacadh. Féadfar an srian ar fheidhmiú cearta vótála a chur i bhfeidhm trína cheangal gur gá tromlach cáilithe na vótaí a chaitear ag cruinniú ginearálta na scairshealbhóirí agus an scairchaipitil a bhfuil ionadaíocht á déanamh air ag cruinniú ginearálta na scairshealbhóirí a bheith le formheas trí thromlach cáilithe.

cheana idir na Ballstáit i ngeall ar shainiúlachtaí náisiúnta agus ar chórais éagsúla dlí cuideachtaí. Ag féachaint do chuspóirí an mhargaidh inmheánaigh mar a leagtar amach iad go háirithe in Airteagal 50(2), pointe (g) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, ba cheart do na Ballstáit cur chuige comhordaithe a áirithiú ina ndlíthe náisiúnta maidir le struchtúir scaireanna ilvótaí i leith leasanna na scairshealbhóirí mionlaigh agus na cuideachta a chosaint. **D'fhéadfadh sé go n-áireofaí** leis sin cosaint i gcoinne cinntí lena gcruthaítear rioscaí do chearta an duine, don athrú aeráide, agus d'iarmhairtí comhshaoil, nó a mbíonn drochiarmhairtí den sórt sin mar thoradh orthu. Faoin gcur chuige comhordaithe sin, ba cheart do na Ballstáit uile a áirithiú go ndéanfar aon chinneadh struchtúr scaireanna ilvótaí a ghlacadh, nó an struchtúr sin a mhodhnú i gcás ina mbeidh tionchar ar chearta vótála, trí thromlach cáilithe ag cruinniú ginearálta na scairshealbhóirí. Thairis sin, tugtar isteach freisin teorainn ar **ualú** vótála na scaireanna ilvótaí trí shrianta a thabhairt isteach ar dheardh an struchtúir scaireanna ilvótaí **agus** ar fheidhmiú na gceart vótála a ghabhann le scaireanna ilvótaí chun cinntí áirithe a ghlacadh, **seachas ceapadh agus dífhostú stiúrthóirí. Chun teorainn a chur le hualú vótaí na scaireanna ilvótaí, ba cheart do na Ballstáit breithniú a dhéanamh ar cóimheas uastha ualaithe vótála suas le haon go deich a thabhairt isteach.** Féadfar an srian ar fheidhmiú cearta vótála a chur i bhfeidhm trína cheangal gur gá tromlach cáilithe na vótaí a chaitear ag cruinniú ginearálta na scairshealbhóirí agus an scairchaipitil a bhfuil ionadaíocht á déanamh air ag cruinniú ginearálta na scairshealbhóirí a bheith le formheas trí thromlach cáilithe.

Leasú 10

Togra le haghaidh treorach Aithris 12

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

(12) Ba cheart **lánrogha a thabhairt do** na Ballstáit coimircí breise a thabhairt isteach, **i gcás inar gá**, chun cosaint leordhóthanach **ar leasanna na scairshealbhóirí mionlaigh agus ar leas na cuideachta** a áirithiú. Ba cheart do na Ballstáit measúnú a dhéanamh ar oiriúnacht na gcoimircí **breise** i bhfianaise a n-éifeachtaí atá siad ó thaobh leasanna na scairshealbhóirí **mionlaigh agus na cuideachta** a chosaint, agus é á áirithiú acu ag an am céanna nach gcuireann na coimircí **sin** deireadh le cuspóir na struchtúr scaireanna ilvótaí, i.e. go bhféadfadh scairshealbhóirí **rialaitheacha** cuideachta tionchar a imirt ar chinntí tábhachtacha, lena n-áirítear stiúirthóirí a cheapadh.

Leasú

(12) Ba cheart **go mbeadh sé de rogha ag** na Ballstáit coimircí breise a thabhairt isteach chun cosaint leordhóthanach a áirithiú **do leasanna scairshealbhóirí nach bhfuil scaireanna ilvótaí acu**. Ba cheart do na Ballstáit measúnú a dhéanamh ar oiriúnacht na gcoimircí **sin** i bhfianaise a n-éifeachtaí atá siad ó thaobh leasanna na scairshealbhóirí **sin** a chosaint, agus é á áirithiú acu ag an am céanna nach gcuireann na coimircí deireadh le cuspóir na struchtúr scaireanna ilvótaí, i.e. go bhféadfadh scairshealbhóirí **rialaithe** cuideachta tionchar a imirt ar chinntí tábhachtacha, lena n-áirítear stiúirthóirí a cheapadh **agus a dhífhostú. Féadfar a áireamh ar na coimircí breise sin ceanglais chun a áirithiú go dtabharfaidh cuideachtaí gealltanais maidir le bearta feabhsaithe rialachais chorparáidigh, ceanglais chun a áirithiú nach mbeidh bac ar chinntí ó chruinniú ginearálta na scairshealbhóirí mar thoradh ar na cearta vótála feabhsaithe, arb é is aidhm dóibh tionchair dhíobhálacha ar chearta an duine agus ar an gcomhshaol a bhaineann le hoibríochtaí agus slabhra luacha na cuideachta a chosc, a laghdú nó a dhíothú, chomh maith le forálacha chun a sheachaint go ndéanfar na cearta vótála feabhsaithe a ghabhann le scaireanna ilvótaí a aistriú chuig tríú páirtithe (clásal éagtha bunaithe ar aistriú), nó go leanfaidh siad de bheith ann tar éis tréimhse ainmnithe ama suas le deich mbliana (clásal éagtha bunaithe ar am) nó nuair a tharlaíonn teagmhas sonraithe (clásal éagtha bunaithe ar theagmhas).**

Leasú 11

Togra le haghaidh treorach Aithris 13

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

(13) Trí fhaisnéis chruinn, chuimsitheach agus thráthúil faoi eisitheoirí a nochtadh, neartaítear muinín infheisteoirí agus ceadaítear cinnteoireacht infheistíochta eolasach. Cuireann cinnteoireacht infheistíochta eolasach den sórt sin le cosaint infheisteoirí agus le héifeachtúlacht an mhargaidh araon. Dá bhrí sin, ba cheart do na Ballstáit ceangal a chur ar chuideachtaí ag a bhfuil **struchtúr** scaireanna ilvótaí faisnéis mhionsonraithe a fhoilsiú maidir lena struchtúr scaireanna agus lena gcóras rialachais chorparáidigh tráth a ligtear isteach chun a dtrádála iad, agus go tréimhsiúil freisin sa tuarascáil airgeadais bhliantúil. Ba cheart a lua san fhaisnéis sin an bhfuil aon teorainneacha ar shealbhú urrús, lena n-áirítear an bhfuil gá le formheas ón gcuideachta nó ó shealbhóirí eile urrús chun urrúis a aistriú. Ba cheart a lua ann freisin an bhfuil aon srianta ar chearta vótála, lena n-áirítear teorainneacha ar chearta vótála sealbhóirí de chéatadán nó de líon áirithe vótaí, spriocdhátaí chun cearta vótála a fheidhmiú, nó córais trína ndéantar na cearta airgeadais a ghabhann le hurrúis a dheighilt ó urrúis a shealbhú. Thairis sin, ba cheart do na cuideachtaí sin céannacht sealbhóirí scaireanna ilvótaí a nochtadh mar aon leis na daoine nádúrtha atá i dteideal cearta vótála a fheidhmiú thar a gceann agus na ndaoine a fheidhmíonn cearta rialaithe speisialta chun trédhearcacht a sholáthar d'infheisteoirí, mar dhaoine den phobal i gcoitinne, maidir le húinéireacht deiridh agus tionchar de facto ar an gcuideachta. Chuirfeadh sé sin ar chumas infheisteoirí cinntí eolasacha a dhéanamh agus ar an gcaoi sin a muinín i margaí caipitil a fheidhmíonn go maith a neartú.

Leasú

(13) Trí fhaisnéis chruinn, chuimsitheach agus thráthúil faoi eisitheoirí a nochtadh, neartaítear muinín infheisteoirí agus ceadaítear cinnteoireacht infheistíochta eolasach. Cuireann cinnteoireacht infheistíochta eolasach den sórt sin le cosaint infheisteoirí agus le héifeachtúlacht an mhargaidh araon. Dá bhrí sin, ba cheart do na Ballstáit ceangal a chur ar chuideachtaí ag a bhfuil **struchtúir** scaireanna ilvótaí faisnéis mhionsonraithe a fhoilsiú maidir lena struchtúr scaireanna agus lena gcóras rialachais chorparáidigh tráth a ligtear isteach chun a dtrádála iad, agus go tréimhsiúil freisin sa tuarascáil airgeadais bhliantúil. Ba cheart a lua san fhaisnéis sin an bhfuil aon teorainneacha ar shealbhú urrús, lena n-áirítear an bhfuil gá le formheas ón gcuideachta nó ó shealbhóirí eile urrús chun urrúis a aistriú. Ba cheart a lua ann freisin an bhfuil aon srianta ar chearta vótála, lena n-áirítear teorainneacha ar chearta vótála sealbhóirí de chéatadán nó de líon áirithe vótaí, spriocdhátaí chun cearta vótála a fheidhmiú, nó córais trína ndéantar na cearta airgeadais a ghabhann le hurrúis a dheighilt ó urrúis a shealbhú. Thairis sin, ba cheart do na cuideachtaí sin céannacht sealbhóirí scaireanna ilvótaí a nochtadh mar aon leis na daoine nádúrtha atá i dteideal cearta vótála a fheidhmiú thar a gceann agus na ndaoine a fheidhmíonn cearta rialaithe speisialta chun trédhearcacht a sholáthar d'infheisteoirí, mar dhaoine den phobal i gcoitinne, maidir le húinéireacht deiridh agus tionchar de facto ar an gcuideachta. Chuirfeadh sé sin ar chumas infheisteoirí cinntí eolasacha a dhéanamh agus ar an gcaoi sin a muinín i margaí caipitil a fheidhmíonn go maith a neartú. **Ba cheart an fhaisnéis sin a thabhairt cothrom le dáta go tréimhsiúil agus tar éis athruithe suntasacha ar**

úinéireacht nó ar rialú na scaireanna a bhfuil cearta vótála speisialta ag gabháil leo.

Leasú 12

Togra le haghaidh treorach Aithris 13 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

(13 a) Tá an Treoir seo gan dochar do chosaint sonraí pearsanta, go háirithe Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.

Leasú 13

Togra le haghaidh treorach Aithris 15

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

(15) Chun forbairtí margaidh agus forbairtí i réimsí eile de dhlí an Aontais nó taithí na mBallstát ar chur chun feidhme na Treorach seo a chur san áireamh, ba cheart don Choimisiún athbhreithniú a dhéanamh ar an Treoir seo 5 bliana tar éis dháta an trasuí.

(15) Chun *measúnú a dhéanamh ar chur chun feidhme agus ar thionchar na Treorach seo, go háirithe aon tionchar diúltach ar na gníomhaíthe uile lena mbaineann, agus chun* forbairtí margaidh agus forbairtí i réimsí eile de dhlí an Aontais nó taithí na mBallstát ar chur chun feidhme na Treorach seo a chur san áireamh, ba cheart don Choimisiún athbhreithniú a dhéanamh ar an Treoir seo 4 bliana tar éis dháta an trasuí *agus gach 3 bliana ina dhiaidh sin.*

Leasú 14

Togra le haghaidh treorach Airteagal 1 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

Leis an Treoir seo, leagtar síos rialacha comhchoiteanna maidir le struchtúir

Leis an Treoir seo, leagtar síos rialacha comhchoiteanna maidir le struchtúir

scaireanna ilvótaí i gcuideachtaí a fhéachann lena scaireanna a ligean isteach chun a dtrádála ar mhargadh fáis **FBM** i mBallstát amháin nó níos mó agus nach bhfuil scaireanna acu a ligtear isteach chun a dtrádála cheana féin in aon ionad trádála.

scaireanna ilvótaí i gcuideachtaí a fhéachann lena scaireanna a ligean isteach chun a dtrádála ar mhargadh **rialáilte nó ar mhargadh** fáis **FBManna** i mBallstát amháin nó níos mó agus nach bhfuil scaireanna acu a ligtear isteach chun a dtrádála cheana féin in aon ionad trádála.

Leasú 15

Togra le haghaidh treorach Airteagal 2 – mír 1 – pointe a

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

(a) ciallaíonn ‘cuideachta’ eintiteas dlíthiúil atá corpraithe mar cheann de na cineálacha cuideachtaí a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir (AE) 2017/1132;

Leasú

(a) ciallaíonn ‘cuideachta’ eintiteas dlíthiúil atá corpraithe mar cheann de na cineálacha cuideachtaí a liostaítear in Iarscríbhinn I **nó in Iarscríbhinn II** a ghabhann le Treoir (AE) 2017/1132, **a fhéadfaidh, faoin dlí náisiúnta, scaireanna a eisiúint agus a fhéachaint leis na scaireanna a ligean isteach chun a dtrádála ar mhargadh rialáilte nó ar mhargadh fáis **FBManna**;**

Leasú 16

Togra le haghaidh treorach Airteagal 2 – mír 1 – pointe b

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

(b) ciallaíonn ‘scaireanna ilvótaí’ scaireanna d'aicme ar **leithligh** agus ar leithligh a ngabhann cearta vótála leo **is airde ná aicme** eile scaireanna ag a bhfuil cearta vótála maidir le hábhair atá le cinneadh ag cruinniú ginearálta na scairshealbhóirí;

Leasú

(b) ciallaíonn ‘scaireanna ilvótaí’ scaireanna d'aicme ar **leith** agus ar leithligh, a ngabhann **níos mó vótaí in aghaidh na scaire nó** cearta vótála **feabhsaithe** leo **ná a ghabhann le haicme** eile scaireanna ag a bhfuil cearta vótála maidir le hábhair atá le cinneadh ag cruinniú ginearálta na scairshealbhóirí;

Leasú 17

**Togra le haghaidh treorach
Airteagal 2 – mír 1 – pointe d a (nua)**

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

***(d a) ciallaíonn ‘margadh rialáilte’
margadh rialáilte mar a shainmhínítear
in Airteagal 4(1), pointe (21) de
Threoir 2014/65/AE;***

Leasú 18

**Togra le haghaidh treorach
Airteagal 2 – mír 1 – pointe d b (nua)**

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

***(d b) ciallaíonn ‘Saoráid Trádála
Iltaobhach’ nó ‘MTF’ MTF mar a
shainmhínítear in Airteagal 4(1),
pointe (22) de Threoir 2014/65/AE;***

Leasú 19

**Togra le haghaidh treorach
Airteagal 3**

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

Airteagal 3

scriosta

***Forálacha náisiúnta maidir le scaireanna
ilvótaí a thabhairt isteach nó a
chothabháil***

***Féadfaidh na Ballstáit forálacha
náisiúnta a thabhairt isteach nó a
choinneáil i bhfeidhm, ar forálacha iad
lena gceadaítear do chuideachtaí
struchtúir scaireanna ilvótaí a ghlacadh i
gcásanna nach gcumhdaítear leis an
Treoir seo.***

Leasú 20

**Togra le haghaidh treorach
Airteagal 3 – mír 1**

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Féadfaidh na Ballstáit forálacha náisiúnta a thabhairt isteach nó a choinneáil i bhfeidhm, ar forálacha iad lena gceadaítear do chuideachtaí struchtúir scaireanna ilvótaí a ghlacadh i gcásanna nach gcumhdaítear leis an Treoir seo.

Leasú

scriosta

Leasú 21

**Togra le haghaidh treorach
Airteagal 4 – mír 1**

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

1. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh sé de cheart ag cuideachtaí nach bhfuil scaireanna acu a ligtear isteach chun a dtrádála ar ionad trádála struchtúir scaireanna ilvótaí a ghlacadh chun scaireanna a ligean isteach chun a dtrádála ar mhargadh fáis **FBM** i mBallstát amháin nó níos mó. Ní chuirfidh na Ballstáit cosc ar scaireanna cuideachta **ar mhargadh fáis FBM** a ligean isteach chun a dtrádála ar an bhforas gur ghlac an chuideachta struchtúr scaireanna ilvótaí.

Leasú

1. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh sé de cheart ag cuideachtaí nach bhfuil scaireanna acu a ligtear isteach chun a dtrádála ar ionad trádála struchtúir scaireanna ilvótaí a ghlacadh chun scaireanna a ligean isteach chun a dtrádála ar mhargadh **rialáilte nó ar mhargadh FBManna** i mBallstát amháin nó níos mó. Ní chuirfidh na Ballstáit cosc ar scaireanna cuideachta a ligean isteach chun a dtrádála **ar mhargadh rialáilte nó ar mhargadh fáis FBManna ar** an bhforas gur ghlac an chuideachta struchtúr scaireanna ilvótaí.

Leasú 22

**Togra le haghaidh treorach
Airteagal 4 – mír 2**

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

2. ***Cuimsíonn an ceart*** dá dtagraítear i mír 1 an ceart struchtúir scaireanna ilvótaí a ghlacadh in am sula ***lorgaítear*** scaireanna a ligean isteach chun a dtrádála ar mhargadh fáis **FBM**.

Leasú

2. ***Cuimsítear leis an gceart*** dá dtagraítear i mír 1 an ceart ***chun*** struchtúir scaireanna ilvótaí a ghlacadh in am sula ***bhféachtar le*** scaireanna a ligean isteach chun a dtrádála ar mhargadh ***rialáilte nó ar***

mhargadh fáis FBManna.

Leasú 23

**Togra le haghaidh treorach
Airteagal 4 – mír 2 a (nua)**

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

2 a. Féadfaidh na Ballstáit a chur de choinnioll le glacadh struchtúir scaireanna ilvótaí go n-eisiafar nó go dteorannófar go suntasach na cearta dáileacháin a ghabhann le sciar a bhfuil cearta vótála níos airde ag baint léi.

Leasú 24

**Togra le haghaidh treorach
Airteagal 4 – mír 2 b (nua)**

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

2 b. Áiritheoidh na Ballstáit, i gcás ina bhfuil scéim rannpháirtíochta fostaithe ar bun ag cuideachta, nach laghdófar na cearta vótála agus rannpháirtíochta a ghabhann leis an scéim rannpháirtíochta fostaithe má ghlactar struchtúr scaireanna ilvótaí.

Leasú 25

**Togra le haghaidh treorach
Airteagal 4 – mír 2 c (nua)**

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

2 c. Áiritheoidh na Ballstáit go n-urramófar cearta fostaithe chun faisnéise, chun comhairliúcháin agus chun bheith rannpháirteach i ndáil leis an gcinneadh maidir le scaireanna ilvótaí agus úsáid a bhaint astu, i gcomhréir le dlí an Aontais agus leis an dlí náisiúnta agus le

Leasú 26

**Togra le haghaidh treorach
Airteagal 5 – teideal**

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Coimircí *maidir le déileáil go cóir agus go neamh-idirdhealaitheach le scairshealbhóirí cuideachta*

Leasú

Coimircí *do* scairshealbhóirí *cuideachtaí a bhfuil struchtúr scaireanna ilvótaí glactha acu*

Leasú 27

**Togra le haghaidh treorach
Airteagal 5 – mír 1 – an chuid réamhráiteach**

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

1. Áiritheoidh na Ballstáit go *gcaithfear go cóir agus go neamh-idirdhealaitheach le scairshealbhóirí*, chomh maith le cosaint leordhóthanach *ar* leasanna na scairshealbhóirí nach bhfuil scaireanna ilvótaí acu agus *ar* leasanna na cuideachta *trí choimircí iomchuí*. Chuige sin, déanfaidh na Ballstáit an méid seo a leanas:

Leasú

1. Áiritheoidh na Ballstáit go *mbeidh coimircí iomchuí i bhfeidhm chun foráil a dhéanamh maidir le cóir chothrom* agus *neamh-idirdhealaitheach*, chomh maith le cosaint leordhóthanach *do* leasanna na scairshealbhóirí nach bhfuil scaireanna ilvótaí acu agus *do* leasanna na cuideachta. Chuige sin, déanfaidh na Ballstáit an méid seo a leanas:

Leasú 28

**Togra le haghaidh treorach
Airteagal 5 – mír 1 – pointe a – mír 2**

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Chun críocha an phointe seo, *i gcás ina bhfuil roinnt aicmí scaireanna ann*, beidh cinntí den sórt sin faoi réir *vótála* ar leithligh *do gach* aicme scairshealbhóirí a ndéantar difear dá gcearta;

Leasú

Chun críocha an phointe seo, beidh cinntí den sórt sin faoi réir *vótáil* ar leithligh *i ngach* aicme scairshealbhóirí a ndéantar difear dá gcearta;

Leasú 29

Togra le haghaidh treorach

Airteagal 5 – mír 1 – pointe b – an chuid réamhráiteach

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

(b) *meáchan* vótála *scaireanna ilvótaí* a *theorannú maidir le feidhmiú chearta scairshealbhóirí eile, go háirithe le linn cruinnithe ginearálta, trí cheachtar de na nithe seo a leanas a thabhairt isteach:*

(b) *cóimheas uasta ualaithe* vótála a thabhairt isteach *mar aon le ceanglas maidir le céatadán uasta an scairchaipítíl gan íoc ar féidir le méid iomlán na scaireanna ilvótaí ionadaíocht a dhéanamh air;*

Leasú 30

Togra le haghaidh treorach

Airteagal 5 – mír 1 – pointe b – pointe i

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

(i) *cóimheas uasta ualaithe* vótála agus *ceanglas maidir le huaschéatadán an scairchaipítíl atá gan íoc ar féidir le méid iomlán na scaireanna ilvótaí ionadaíocht a dhéanamh air;*

scriosta

Leasú 31

Togra le haghaidh treorach

Airteagal 5 – mír 1 – pointe b a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

(b a) *srian a thabhairt isteach ar fheidhmiú na gceart vótála feabhsaithe a ghabhann le scaireanna ilvótaí le haghaidh vótáil ar ábhair atá le cinneadh ag cruinniú ginearálta na scairshealbhóirí agus a éilíonn formheas trí thromlach cáilithe, seachas ceapadh agus dífhostú stiúrthóirí.*

Leasú 32

**Togra le haghaidh treorach
Airteagal 5 – mír 2 – an chuid réamhráiteach**

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

2. Féadfaidh na Ballstáit foráil a dhéanamh maidir le coimirce breise chun cosaint leordhóthanach a áirithiú do scairsealbhóirí agus do leasanna na cuideachta. ***Féadfar an méid seo a leanas, go háirithe, a áireamh sna coimirce sin:***

Leasú 33

**Togra le haghaidh treorach
Airteagal 5 – mír 2 – pointe a**

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

(a) foráil chun a sheachaint go ndéanfar na cearta vótála feabhsaithe a ghabhann le scaireanna ilvótaí a aistriú chuig tríú páirtithe nó go leanfaidh siad de bheith ann ar bhás, éagumasú nó scor shealbhóir bunaidh scaireanna ilvótaí (clásal aistrithe bunaithe ar dhul faoi na gréine);

Leasú 34

**Togra le haghaidh treorach
Airteagal 5 – mír 2 – pointe b**

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

(b) foráil chun a sheachaint go leanfaidh na cearta vótála feabhsaithe a ghabhann le scaireanna ilvótaí de bheith ann tar éis tréimhse ainmnithe (clásal am-bhunaithe maidir le luí na gréine);

Leasú 35

**Togra le haghaidh treorach
Airteagal 5 – mír 2 – pointe c**

Leasú

2. Féadfaidh na Ballstáit foráil a dhéanamh maidir le coimirce breise chun cosaint leordhóthanach a áirithiú do scairsealbhóirí ***nach bhfuil scaireanna ilvótaí acu*** agus do leasanna na cuideachta.

Leasú

scriosta

Leasú

scriosta

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

(c) foráil chun a sheachaint go leanfaidh na cearta vótála feabhsaithe a ghabhann le scaireanna ilvótaí de bheith ann ar theagmhas sonraithe tarlú (clásal maidir le dul faoi na gréine bunaithe ar theagmhas);

scriosta

Leasú 36

**Togra le haghaidh treorach
Airteagal 5 – mír 2 – pointe d**

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

(d) ceanglas chun a áirithiú nach féidir na cearta vótála feabhsaithe a úsáid chun bac a chur ar ghlacadh cinntí ag cruinniú ginearálta na scairshealbhóirí arb é is aidhm dó drochthionchar ar chearta an duine agus ar an gcomhshaol a bhaineann le hoibríochtaí na cuideachta a chosc, a laghdú nó deireadh a chur leo.

scriosta

Leasú 37

**Togra le haghaidh treorach
Airteagal 6 – mír 1 – pointe a**

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

(a) struchtúr a gcuid caipitil, lena n-áirítear urrúis nach ligtear isteach chun a dtrádála ar mhargadh fáis FBManna i mBallstát, mar aon le léiriú ar na haicmí éagsúla scaireanna agus, i gcás gach aicme scaireanna, na cearta agus na hoibleagáidí a ghabhann leis an aicme sin, agus *céatadán*** an scairchaipitil iomláin agus na gceart iomlán vótála arb ionann iad agus an aicme sin;**

(a) struchtúr a gcuid caipitil, lena n-áirítear urrúis nach ligtear isteach chun a dtrádála ar mhargadh *rialáilte nó ar mhargadh*** fáis FBManna i mBallstát, mar aon le léiriú ar na haicmí éagsúla scaireanna agus, i gcás gach aicme scaireanna, ***ar*** na cearta agus na hoibleagáidí a ghabhann leis an aicme sin, agus ***ar chéatadán*** an scairchaipitil iomláin agus na gceart iomlán vótála arb ionann iad agus an aicme sin;**

Leasú 38

Togra le haghaidh treorach Airteagal 6 – mír 2 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

2 a. *Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfar cuideachtaí a bhfuil struchtúir scaireanna ilvótaí acu agus a bhfuil a scaireanna á dtrádáil nó le trádáil ar mhargadh rialáilte nó ar mhargadh fáis FBManna a shainaitheint le táscaire stoic uathúil ‘WVR’ (Cearta Vótála Ualaithe) ag deireadh a n-ainm stoic. Déanfaidh údaráis inniúla náisiúnta, margáí rialáilte agus margáí fáis FBManna tuiscint agus feasacht infheisteoirí ar an táscaire sin a chur chun cinn.*

Leasú 39

Togra le haghaidh treorach Airteagal 7 – mír 1 – an chuid réamhráiteach

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

Faoin **[cúig]** bliana tar éis theacht i bhfeidhm], cuirfidh an Coimisiún tuarascáil faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle maidir le cur chun feidhme agus éifeachtaí na Treorach seo. Chuige sin, faoi **[ceithre]** bliana tar éis theacht i bhfeidhm], cuirfidh na Ballstáit **faisnéis** ar fáil don Choimisiún, go háirithe, maidir leis an méid seo a leanas:

Faoin ... **[4]** bliana tar éis theacht i bhfeidhm] **agus gach 3 bliana ina dhiaidh sin**, cuirfidh an Coimisiún tuarascáil faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle maidir le cur chun feidhme agus éifeachtaí na Treorach seo. Chuige sin, faoi **[3]** bliana tar éis theacht i bhfeidhm] **agus gach 3 bliana ina dhiaidh sin**, cuirfidh na Ballstáit **an fhaisnéis ábhartha uile** ar fáil don Choimisiún, go háirithe, maidir leis an méid seo a leanas:

Leasú 40

Togra le haghaidh treorach Airteagal 7 – mír 1 – pointe c a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

(c a) an cóineasú agus na héagsúlachtaí idir struchtúir scaireanna ilvótaí i gcuideachtaí a fhéachann lena scaireanna a ligean isteach chun a dtrádála ar mhargadh fáis FBManna, atá ann cheana sna Ballstáit tar éis chur chun feidhme na Treorach seo.

Leasú 41

**Togra le haghaidh treorach
Airteagal 7 – mír 1 a (nua)**

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

Cuirfear san áireamh sa tuarascáil an fhaisnéis arna soláthar ag na geallsealbhóirí ábhartha.

Leasú 42

**Togra le haghaidh treorach
Airteagal 8 – mír 1**

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

1. Na dlíthe, na rialacháin agus na forálacha riaracháin is gá chun an Treoir seo a chomhlíonadh, tabharfaidh na Ballstáit i bhfeidhm iad **faoin dhá bhliain** tar éis dáta theacht i bhfeidhm na Treorach. Cuirfidh siad an Coimisiún ar an eolas faoin méid sin láithreach. Nuair a ghlacfaidh na Ballstáit na bearta sin, beidh tagairt iontu don Treoir seo nó beidh tagairt den sórt sin ag gabháil leo tráth a bhfoilsithe oifigiúil. Is iad na Ballstáit a leagfaidh síos na modhanna ina ndéanfar an tagairt sin.

1. Na dlíthe, na rialacháin agus na forálacha riaracháin is gá chun an Treoir seo a chomhlíonadh, tabharfaidh na Ballstáit i bhfeidhm iad **faoi 18 mí** tar éis dáta theacht i bhfeidhm na Treorach **seo**. Cuirfidh siad an Coimisiún ar an eolas faoin méid sin láithreach. Nuair a ghlacfaidh na Ballstáit na bearta sin, beidh tagairt iontu don Treoir seo nó beidh tagairt den sórt sin ag gabháil leo tráth a bhfoilsithe oifigiúil. Is iad na Ballstáit a leagfaidh síos na modhanna ina ndéanfar an tagairt sin.

AN NÓS IMEACHTA – COISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

Teideal	Struchtúir scaireanna ilvótaí i gcuideachtaí a fhéachann lena scaireanna a ligean isteach chun a dtrádála ar mhargadh fáis FBM	
Tagairtí	COM(2022)0761 – C9-0416/2022 – 2022/0406(COD)	
An Coiste Freagrach Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach	ECON 1.2.2023	
Tuairim ó Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach	JURI 1.2.2023	
Coistí comhlachaithe - dáta a fógraíodh sa suí iomlánach	15.6.2023	
Rapóirtéir don tuairim Dáta an cheapacháin	René Repasi 11.5.2023	
Pléite sa choiste	27.6.2023	3.7.2023
Dáta an ghlactha	19.9.2023	
Toradh na vótála chríochnaithí	+: 17 –: 0 0: 1	
Feisirí a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach	Pascal Arimont, Ilana Cicurel, Angel Dzhambazki, Pierre Karleskind, Maria-Manuel Leitão-Marques, Karen Melchior, Sabrina Pignedoli, Jiří Pospíšil, Adrián Vázquez Lázara, Axel Voss, Marion Walsmann, Tiemo Wölken, Javier Zarzalejos	
Comhaltaí ionaid a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach	Patrick Breyer, Pascal Durand, Agnes Jongerius, Angelika Niebler	
Comhaltaí ionaid faoi Riail 209(7) a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach	Catherine Griset	

VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAO ROLLA SA CHOISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

17	+
ECR	Angel Dzhambazki
ID	Catherine Griset
NI	Sabrina Pignedoli
PPE	Pascal Arimont, Angelika Niebler, Jiří Pospíšil, Axel Voss, Marion Walsmann, Javier Zarzalejos
Renew	Ilana Cicurel, Pierre Karleskind, Karen Melchior, Adrián Vázquez Lázara
S&D	Pascal Durand, Agnes Jongerius, Maria-Manuel Leitão-Marques, Tiemo Wölken

0	-

1	0
Verts/ALE	Patrick Breyer

Eochair do na siombailí a úsáidtear:

- + : i bhfabhar
- : i gcoinne
- 0 : staonadh

AN NÓS IMEACHTA - COISTE FREAGRACH

Teideal	Struchtúir scaireanna ilvótaí i gcuideachtaí a fhéachann lena scaireanna a ligean isteach chun a dtrádála ar mhargadh fáis FBM	
Tagairtí	COM(2022)0761 – C9-0416/2022 – 2022/0406(COD)	
Dáta tíolactha chun PE	8.12.2022	
An Coiste Freagrach Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach	ECON 1.2.2023	
Coistí ar iarradh tuairim orthu Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach	ITRE 1.2.2023	JURI 1.2.2023
Coistí comhlachaithe Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach	ITRE 15.6.2023	JURI 15.6.2023
Rapóirtéirí Dáta an cheapacháin	Alfred Sant 25.1.2023	
Pléite sa choiste	30.8.2023	
Dáta an ghlactha	24.10.2023	
Toradh na vótála críochnaithí	+: 43	–: 0
	0: 10	
Feisirí a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach	Rasmus Andresen, Anna-Michelle Asimakopoulou, Marek Belka, Isabel Benjumea Benjumea, Stefan Berger, Gilles Boyer, Markus Ferber, Jonás Fernández, Giuseppe Ferrandino, Frances Fitzgerald, José Manuel García-Margallo y Marfil, Claude Gruffat, José Gusmão, Eero Heinäluoma, Danuta Maria Hübner, Stasys Jakeliūnas, Othmar Karas, Billy Kelleher, Ondřej Kovařík, Georgios Kyrtos, Aurore Lalucq, Philippe Lamberts, Aušra Maldeikienė, Pedro Marques, Siegfried Mureşan, Caroline Nagtegaal, Denis Nesci, Luděk Niedermayer, Dimitrios Papadimoulis, Piernicola Pedicini, Lídia Pereira, Kira Marie Peter-Hansen, Eva Maria Poptcheva, Evelyn Regner, Antonio Maria Rinaldi, Dorien Rookmaker, Alfred Sant, Joachim Schuster, Ralf Seekatz, Paul Tang, Irene Tinagli, Inese Vaidere, Johan Van Overtveldt, Stéphanie Yon-Courtin	
Comhaltaí ionaid a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach	Damien Carême, Eider Gardiazabal Rubial, Martin Hlaváček, Chris MacManus, Margarida Marques, Laurence Sailliet	
Comhaltaí ionaid faoi Riail 209(7) a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach	Theresa Bielowski, Anna Bonfrisco, Elena Lizzi	
Dáta don chur síos	26.10.2023	

VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAO ROLLA SA CHOISTE FREAGRACH

43	+
ECR	Denis Nesci, Dorien Rookmaker, Johan Van Overtveldt
ID	Anna Bonfrisco, Elena Lizzi, Antonio Maria Rinaldi
PPE	Anna-Michelle Asimakopoulou, Isabel Benjumea Benjumea, Stefan Berger, Markus Ferber, Frances Fitzgerald, José Manuel García-Margallo y Marfil, Danuta Maria Hübner, Othmar Karas, Aušra Maldeikienė, Siegfried Mureşan, Luděk Niedermayer, Lídia Pereira, Laurence Sailliet, Ralf Seekatz, Inese Vaidere
Renew	Gilles Boyer, Giuseppe Ferrandino, Martin Hlaváček, Billy Kelleher, Ondřej Kovařík, Georgios Kyrtos, Caroline Nagtegaal, Eva Maria Poptcheva, Stéphanie Yon-Courtin
S&D	Marek Belka, Theresa Bielowski, Jonás Fernández, Eider Gardiazabal Rubial, Eero Heinäluoma, Aurore Lalucq, Margarida Marques, Pedro Marques, Evelyn Regner, Alfred Sant, Joachim Schuster, Paul Tang, Irene Tinagli

0	-

10	0
The Left	José Gusmão, Chris MacManus, Dimitrios Papadimoulis
Verts/ALE	Rasmus Andresen, Damien Carême, Claude Gruffat, Stasys Jakeliūnas, Philippe Lamberts, Piernicola Pedicini, Kira Marie Peter-Hansen

Eochair do na siombailí a úsáidtear:

- + : i bhfabhar
- : i gcoinne
- 0 : staonadh